2024.S24T

2024J004C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2024

# Stair

## Comhleibhéal

## Dé hAoine 7 Meitheamh Maidin 9:30 – 11:30

360 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / /

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh d'uimhir iarrthóra agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **ocht** gceist ar an bpáipéar seo.

Freagair **gach** ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó i ndúch dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise ag cúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.


**Ceist 1**

Ba mhainistir Luath-Chríostaí í Mainistir Bhuithe a bhunaigh Naomh Buithe ag deireadh an chúigiú haois. Scrúdaigh an líne ama thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

**(a)** Cé mhéad bliain a léirítear ar an líne ama, 500-1200?

| |
|---|
| |

**(b)** Tarraing **cúig** shaighead chun na himeachtaí atá luaite sa liosta thíos a nascadh leis na háiteanna cearta ar an líne ama. Cuireadh saighead isteach ag 520, mar shampla.






**520:** Bás Naomh Buithe, bunaitheoir Mhainistir Bhuithe.

**850-920:** Snoíodh ardchrosa Mhainistir Bhuithe.

**923:** Bás an Aba Muireadach.

**960idí:** Tógadh an cloigtheach.

**1097:** Dódh an cloigtheach chomh maith le leabhair agus taiscí na mainistreach.

**1142:** Chuir bunú mainistreach nua ag an Mhainistir Mhór in aice láimhe le meathlú Mhainistir Bhuithe.

**(c)** Ainmnigh mainistir Luath-Chríostaí **amháin** eile in Éirinn agus ainmnigh an bunaitheoir.

| Mainistir: | Bunaitheoir: |
|---|---|

**(d)** Luaigh **dhá** úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cloigtheach i mainistir Luath-Chríostaí.

**(e)** Táirgeadh a lán saothar ealaíne ar leith i luathmhainistreacha na hÉireann**.** Ainmnigh an cineál ceardaí a chruthaigh na déantáin a thaispeántar thíos.

| *Leabhar Dharú*<br>Co. Laoise<br>c. 650-700 | *Cailís Dhoire na bhFlann*<br>Co. Thiobraid Árann<br>c. 800-850 | *Cros Mhuireadach*<br>Co. Lú<br>c. 920 |
|---|---|---|
|  |  |  |
| Ceardaí: | Ceardaí: | Ceardaí: |

**(f)** Seachas na samplaí a léirítear thuas, ainmnigh déantán **amháin** eile a bhaineann le hÉirinn Luath-Chríostaí agus déan cur síos air.

Ainm:

Cur síos:

**(g)** Tháinig deireadh leis an Luathré Chríostaí in Éirinn thart ar 1200.
Déan cur síos ar **dhá** bhealach a raibh tionchar ag an gCríostaíocht ar an saol in Éirinn **i ndiaidh** 1200.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

Thóg mic léinn seandálaíochta ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) teach cruinn meánaoiseach bunaithe ar theach ón 8ú haois a fuarthas le linn tochailtí i gContae Aontroma. Féach ar na foinsí thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Foinse 1:** Fótagraif den teach cruinn meánaoiseach COBÁC.





**Foinse 2:** Eolas faoi theach cruinn meánaoiseach COBÁC.

- Le haghaidh an tí, theastaigh 250 cuaille ingearach coill, 1,600 slat cothrománach coill, 4 mhaide darach d'áit an dorais, 4 chlár darach don doras, 1.5 tonna fraoigh don díon, agus mórchuid féir, caonaigh, raithní agus fiailí chun na ballaí a líneáil.

- Dá mbeadh an teocht lasmuigh cothrom le 8°, d'fhéadfadh an teocht laistigh a bheith cothrom le 18° go 21°, ach thit an teocht go tapa nuair a d'imigh an tine as. D'éalaigh an deatach amach tríd an díon. Thaifead braiteoirí carbóin truailliú íseal deataigh taobh istigh den teach ach bhí boladh bréan sa teach.

- Bhí an teach lán le ciaróga, damháin alla, cláirseacha, éin agus fiú amháin dallóg fraoigh. Léiríonn fianaise sheandálaíochta ó Chontae Aontroma go mbíodh na leapacha te teolaí agus tirim ach lán le míolta.

**(a)** Cén ceann de na blianta seo a leanas atá san 8ú haois? Cuir tic (√) i mbosca **amháin**.

700ta AD ☐

800ta AD ☐

900ta AD ☐

**(b)** Dá mba mhac léinn seandálaíochta tú, cad a bheadh le foghlaim agat ón taithí a bhí agat ar an teach cruinn a thógáil agus a úsáid? Bain úsáid as fianaise ó na foinsí mar thaca le do fhreagra.

**(c)** Cad iad **trí** dhifríocht atá idir teach cruinn meánaoiseach agus gnáth-theach nó gnáthárasán in Éirinn inniu? Déan tagairt do na foinsí i do fhreagra.

1.

2.

3.


**(d)** Mínigh na gnéithe den saol meánaoiseach a d'fhág go raibh meánionchas saoil íseal ag daoine sna meánaoiseanna.

**Ceist 3**

Freagair na ceisteanna thíos a bhfuil baint acu le taiscéalaíocht agus coilíniú sna 1400idí-1500idí.

**(a)** Bain úsáid as na téarmaí ón liosta a thugtar chun na bearnaí thíos a líonadh.

| |
|---|
| astraláib |
| carbhal |
| cartagrafaíocht |
| timpeallú |
| compás |
| cabhail |
| luaidhe agus téad |
| luasmheá agus téad |
| portolach |
| seolta |
| scorbach |
| uisce |



Bhain taiscéalaithe de chuid na Portaingéile agus na Spáinne úsáid as long ar tugadh ___________________ air. Bhí ___________________ láidir air agus bhain sé úsáid as _______________ cearnógacha agus triantánacha chun breith ar an ngaoth.

Bhain mairnéalaigh úsáid as ___________________ chun treo fíor ó thuaidh a aimsiú, agus as ___________________ chun suíomh loinge ó thuaidh nó ó dheas den mheánchiorcal a ríomh. Bhain siad úsáid as ____________________ chun luas loinge a thomhas agus as ________________________ chun doimhneacht ___________________ a thomhas. Is iomaí mairnéalach a fuair bás de ___________________, galar arb é easpa vitimín C is cúis leis.

Ceird i ndéanamh léarscáileanna is ea ___________________. Tugadh cairteacha _________________ ar roinnt léarscáileanna luatha. Seoladh an bealach ar fad timpeall an domhain, ___________________, agus ba é turas farraige Magellan, 1519-1522, an chéad uair ar cuireadh i gcrích é.

**(b)** Luaigh **dhá** chúis ar thosaigh Eorpaigh ar choilíniú a dhéanamh ar chodanna eile den domhan sna 1500idí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Foinse 1:** Dealbh de Chríostóir Colambas.




**1492:** Céad turas farraige Cholambas go Meiriceá.

**1893:** cuireadh suas dealbh de Chríostóir Colambas in Providence, Rhode Island, Stáit Aontaithe Mheiriceá.

**2019**: caitheadh péint dhearg ar an dealbh agus cuireadh comhartha ag a bun á rá “Éirigh as ceiliúradh a dhéanamh ar chinedhíothú”.

**2020**: thug méara na cathrach ordú an dealbh a bhaint ón láthair.

**(c)** Conas a léiríonn an dealbh seo **dhá** dhearcadh (tuairimí) éagsúla ar an gcaoi a gcuimhnítear ar Cholambas?

**(d)** Céard is brí leis an téarma 'cinedhíothú'?

**(e)** An bhfuil sé cóir, dar leat, Colambas a nascadh leis an gcinedhíothú? Cuir tic (√) i gceann **amháin** de na boscaí seo a leanas.

Tá ☐

Níl ☐

Mínigh do thuairim trí úsáid a bhaint as an eolas atá agat ar stair Mheiriceá i ndiaidh 1492.

**Ceist 4**

Freagair na ceisteanna thíos a dhéileálann leis an méid a chuireann forbairtí teicneolaíochta agus nuálaíocht le hathruithe sa stair.

**(a)** Ainmnigh forbairt teicneolaíochta nó nuálaíocht a bhfuil staidéar déanta agat uirthi mar chuid de do chúrsa Staire don tSraith Shóisearach.

**(b)** Tabhair an dáta nó an tréimhse ama inar tharla an fhorbairt teicneolaíochta nó nuálaíocht seo.

**(c)** Cén chuid den saol ar tháinig athrú air mar thoradh ar an bhforbairt nó nuálaíocht seo? (e.g. talmhaíocht, tionscal, iompar, etc.)

**(d)** Tabhair sonraí maidir leis an bhforbairt teicneolaíochta nó an nuálaíocht a ndearna tú staidéar uirthi.

**(e)** An dóigh leat go raibh saol na ndaoine níos fearr nó níos measa mar thoradh ar an bhforbairt teicneolaíochta nó nuálaíocht seo? Cuir (√) i gceann **amháin** de na boscaí seo a leanas.

Níos fearr ☐

Níos measa ☐


Mínigh do thuairim.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

As tabhairt isteach an Tríú Bille um Rialtas Dúchais i dTeach na dTeachtaí tháinig "an Ghéarchéim Rialtais Dúchais", 1912-1914 chun cinn. Déan staidéar ar an bhfoinse thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Foinse 1**: Sleachta as óráid a rinne ceannairí páirtithe i dTeach na dTeachtaí, 11 Aibreán 1912.



**H. H. Asquith**

Tabharfaidh an Bille seo deis do mhuintir na hÉireann a saol náisiúnta féin a fhorbairt. Ag an am céanna, déanfaidh an comhoibriú toilteanach agus an ceangal dílseachta a bhraitheann siad iad a nascadh níos dlúithe linn féin agus leis an Impireacht.



**Edward Carson**

Tá na moltaí atá cloiste againn anseo inniu go huile is go hiomlán do-oibrithe agus áiféiseach. Tá dualgas ar mo pháirtí cur in aghaidh an Bhille seo le gach fuinneamh is féidir linn. Creidimid gur Bille marfach dár dtír é.



**John Redmond**

Is ócáid mhór stairiúil í seo. Gabhaim buíochas le Dia gur mhair mé chun an lá seo a fheiceáil. Creidim go ndéanfaidh sé tír shona agus rathúil d'Éirinn agus go mbeidh a muintir aontaithe, dílis agus sona sásta.

**(a)** Lion isteach ainmneacha na gceannairí sa bhosca thíos.

| **Ainm an cheannaire** | **Ról sa pharlaimint** |
|---|---|
| | Ceannaire Pháirtí na nAontachtaithe |
| | Ceannaire Pháirtí an Rialtais Dhúchais (Páirtí Parlaiminteach na hÉireann) |
| | Príomh-Aire agus ceannaire an Pháirtí Liobrálaigh |

**(b)** Cuir isteach tic do gach ceannaire páirtí chun a léiriú an raibh sé ar son nó i gcoinne Rialtas Dúchais.

| **H. H. Asquith** | **Edward Carson** | **John Redmond** |
|---|---|---|
| Ar son Rialtas Dúchais ☐ | Ar son Rialtas Dúchais ☐ | Ar son Rialtas Dúchais ☐ |
| **NÓ** | **NÓ** | **NÓ** |
| I gcoinne Rialtas Dúchais ☐ | I gcoinne Rialtas Dúchais ☐ | I gcoinne Rialtas Dúchais ☐ |

**(c)** Ag baint úsáid duit as **Foinse 1**, mínigh cá bhfios duit go raibh gach duine de na ceannairí ar son nó i gcoinne Rialtas Dúchais.

| |
|---|
| H. H. Asquith: |
| |
| |
| |
| |
| |
| Edward Carson: |
| |
| |
| |
| |
| |
| John Redmond: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Scríobh cuntas ar cheannaire a bhí páirteach sa traidisiún parlaiminte i bpolaitíocht na hÉireann. D'fhéadfaí pointí mar iad seo a leanas a chur sa chuntas agat:

- Cén uair agus cén fáth ar ghlac an ceannaire páirt sa pholaitíocht
- Imeachtaí/feachtais pholaitiúla ar ghlac an ceannaire páirt iontu
- Ról an cheannaire sa pharlaimint
- Rath agus/nó teip ar ghairmréim pholaitiúil an cheannaire, etc.

| Ainm an cheannaire: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

Baineann an cheist seo le cartlanna agus le hábhar daonáirimh.

**Foinse 1**: Sliocht as fógra rialtais maidir le daonáireamh 1926.

Foilseofar daonáireamh 1926 ar líne i mí Aibreáin 2026. Is é Cartlann Náisiúnta na hÉireann a dhéanfaidh an tionscadal digitithe ar chostas €5 mhilliún. Faoi láthair, tá daonáireamh 1926 stóráilte in 1,344 bosca, ina bhfuil 700,000 leathanach aiseolais.

I ndaonáireamh 1926 bailíodh 21 tacar sonraí faoi gach duine aonair in Éirinn agus ina measc bhí ainm, aois, gnéas, stádas pósta, creideamh, dálaí tithíochta agus cumas Gaeilge a labhairt. Ar oíche an 18 Aibreán 1926 bhí daonra 2,971,992 in Éirinn. Ag an daonáireamh roimhe sin in 1911, bhí daonra de 3,139,688 ann.

**(a)** De réir **Fhoinse 1**, cé mhéad cineál éagsúil tacar sonraí faoi gach duine a bailíodh in 1926? Luaigh **dhá** shampla de na cineálacha sonraí sin.

| |
|---|
| Líon na dtacar sonraí: |
| An chéad sampla: |
| An dara sampla: |

**(b)** Ar tháinig méadú nó laghdú ar dhaonra na hÉireann idir an daonáireamh in 1911 agus an daonáireamh in 1926? Bíodh fianaise as **Foinse 1** agat mar thacaíocht le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** An bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach? Cuir (√) san fhreagra atá ceart.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tugann an Chartlann Náisiúnta rochtain ar bhuntaifid ar nós taifid rialtais, taifid chúirte agus taifid daonáirimh. | | |
| Is buntaifid iad na taifid atá sa Chartlann Náisiúnta, ar mhaithe le staidéar a dhéanamh ar stair na hÉireann. | | |
| Tig leat taifid a fháil ar iasacht ón gCartlann Náisiúnta agus iad a thabhairt abhaile leat, ar nós leabhar a fháil ar iasacht ó leabharlann. | | |

Tá Inis Cathaigh sa tSionainn in aice le Cill Rois, Co. an Chláir.  Féach ar na foinsí thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Foinse 2**:  Fótagraf d'Inis Cathaigh.



**Foinse 3:**  Sliocht as Daonáireamh 1911 ina dtugtar sonraí faoi theaghlach amháin ar Inis Cathaigh.

**Cónaitheoirí i dTeach 5 ar Inis Cathaigh (Cill Rois Tuaithe, an Clár)**

| Sloinne | Réamhainm | Aois | Gnéas | Gaol le Ceann Tí |
|---|---|---|---|---|
| Ó Grifín | Micheál | 44 | Fireannach | Ceann Tí |
| Uí Ghrifín | Máire | 41 | Baineannach | Bean Chéile |
| Uí Ghrifín | Hannah | 65 | Baineannach | Máthair |
| Ó Grifín | Sinon | 14 | Fireannach | Mac |
| Ní Ghrifín | Bríd | 13 | Baineannach | Iníon |
| Ní Ghrifín | Nora | 12 | Baineannach | Iníon |
| Ní Ghrifín | Máire Áine | 10 | Baineannach | Iníon |
| Ó Grifín | Pádraig | 7 | Fireannach | Mac |
| Ní Ghrifín | Siobhán | 6 | Baineannach | Iníon |
| Ó Grifín | Seán | 4 | Fireannach | Mac |
| De Bláca | Tomás | 84 | Fireannach | Seirbhíseach |

**(d)** Cén fhianaise as **Foinse 2** a thaispeánann gur mhair daoine ar Inis Cathaigh níos mó ná mile bliain ó shin?

| |
|---|
| |
| |

**(e)** De réir **Fhoinse 3**, cé mhéad glúin de mhuintir Ghrifín atá le fáil i ndaonáireamh 1911? Cén ceannteideal san fhoinse ar féidir an fhianaise sin a fháil faoi?

| |
|---|
| Líon na nglúnta: |
| Ceannteideal: |

**(f)** De réir **Fhoinse 3** cé mhéad mac agus iníonacha a bhí ag Micheál agus Máire Uí Ghrifín?

| | |
|---|---|
| Mic: | Iníonacha: |

**(g)** Luaigh duine amháin sa líon tí nach raibh mar bhall den teaghlach. Tabhair **dhá** phíosa fianaise as **Foinse 3** a thaispeánann nach raibh an duine sin mar bhall den teaghlach.

| |
|---|
| Ainm: |
| 1. |
| 2. |

**(h)** Tugtar cúig fhíric faoi Inis Cathaigh sa tábla thíos.
Uimhrigh na fíricí ó 1 go 5 in ord croineolaíoch, ag tosú leis an gceann is luaithe.

| | |
|---|---|
| Bhí 84 duine ag cur fúthu ar Inis Cathaigh in 1936. | |
| Anois tig le cuairteoirí turais bháid a thabhairt ar Inis Cathaigh ó Mhuiríne Chill Rois. | |
| In 1948, dúnadh an scoil a bhí ar an oileán. | |
| Tá Inis Cathaigh neamháitrithe ó d’imigh an bheirt chónaitheoirí dheireanacha in 1978. | |
| Le linn an Dara Cogadh Domhanda (1939-1945), cailleadh dháréag fear as an oileán ar an bhfarraige. | |

**Ceist 7**

In 1929, chuir deachtóir cumannach na Rúise Sóivéadaí, Iósaf Stailín, deireadh le feirmeacha aonair. Bailíodh an talamh, na barra agus na hainmhithe feirme le chéile i bhfeirmeacha móra stáit. Féach ar na foinsí thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Foinse 1**: póstaer Sóivéadach ó 1930 ina dtaispeántar an saol ar chomhfheirm.



**Foinse 2**: cuntas finné súl ar an ngorta san Úcráin, 1932-1933, a tharla mar thoradh ar pholasaí comhsheilbhíochta Stailín.

Bhí a lán daoine ó na sráidbhailte ag fánaíocht ar shráideanna na cathrach in Kharkiv. Casadh ort iad i ngach áit. Bhí siad ag aoiseanna éagsúla – sean, óg, páistí agus naíonáin. Bhí siad ocrach, traochta, gioblach, salach agus fuar.

Bhí sé de dhánacht ag cuid díobh bualadh ar dhoirse daoine nó b'fhéidir bualadh ar fhuinneog duine éigin, agus ba ar éigean a bhí cuid díobh in ann a lámha a shíneadh amach chun déirce a iarraidh. Bhí cuid eile díobh ina suí leis na ballaí, gan gíog ná míog astu.

**(a)** Cén t-athrú san fheirmeoireacht a thug Stailín isteach in 1929?

**(b)** Cén cineál saoil a bhí ag daoine ar chomhfheirm, de réir **Fhoinse 1**? Bíodh fianaise as an bhfoinse agat mar thacaíocht le do phointí.

**(c)** Cén cur síos a rinne an finné súl i **bhFoinse 2** ar mhuintir na sráidbhailte a tháinig isteach go Kharkiv?

**(d)** Céard is brí leis an téarma 'bolscaireacht'?

**(e)** An sampla de bholscaireacht é an póstaer i **bhFoinse 1,** dar leat? Mínigh do fhreagra.

**(f)** Ainmnigh an tír fhaisisteach a ndearna tú staidéar uirthi mar chuid de chúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí agus ainmnigh ceannaire na tíre sin.

| |
|---|
| Ainm na tíre faisistí: |
| Ainm an cheannaire: |

**(g)** Cén tionchar a bhí ag an bhfaisisteachas ar an saol sa tír sin?
D'fhéadfaí pointí a bhaineann le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a chur san áireamh i do fhreagra:

- An saol polaitíochta agus/nó an saol eacnamaíochta
- Saol an teaghlaigh, oideachas agus/nó grúpaí óige
- Bolscaireacht agus/nó sceimhle, etc.

**Ceist 8**

Bhí deich mbliana na 1960idí tábhachtach in Éirinn, san Eoraip agus ar fud an domhain mhóir. D'éirigh le Bob Dylan, amhránaí agus cumadóir amhrán as Meiriceá, a rugadh in 1941, a bheith ina dhuine mór le rá sa chultúr pobail sna 1960idí. Scrúdaigh na foinsí thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Foinse 1:** Clúdach albaim vinile *The Times They Are A-Changin'*, a eisíodh ar an 13 Eanáir 1964.




**Foinse 2:** Sliocht as liricí *The Times They Are A-Changin'* a taifeadadh in Columbia Studio, 7th Avenue, Cathair Nua-Eabhrac, 6 Lúnasa – 31 Deireadh Fómhair, 1963.

Máithreacha is aithreacha,
Fud fad na tíre, éistigí,
Is ná cáinigí na nithe
Nach dtuigeann sibh
Tá bhur mic is bhur n-iníonacha
Imithe ó smacht oraibh
Tá bhur seanbhealaí ag dul in aois go tapa
Fág an bealach nua mura féidir libh cuidiú
Mar tá cúrsaí an tsaoil ag athrú

**(a)** Cén aois a bhí Bob Dylan nuair a eisíodh *The Times They Are A-Changin'* in 1964?

**(b)** Cén uair a taifeadadh *The Times They Are A-Changin'* agus cén áit ar taifeadadh é?

| |
|---|
| Cén uair: |
| Cén áit: |

**(c)** In 1964, eisíodh an t-albam seo i bhformáid diosca vinile, mar atá le feiceáil i **bhFoinse 1**. Mínigh **dhá** bhealach a bhfuil rochtain ar cheol athraithe ó na 1960idí.

**(d)** An foinsí úsáideacha fianaise iad amhráin agus/nó clúdaigh albam, faoin am atá thart, dar leat? Mínigh do fhreagra.

**Ná** scríobh faoi Bob Dylan i do fhreagraí ar chuid (e) agus (f) thíos.

**(e)** Ag éirí as an staidéar atá déanta agat ar na 1960idí mar dheich mbliana a bhí tábhachtach i stair na hÉireann, i stair na hEorpa agus/nó i stair an domhain mhóir, luaigh ainm duine cáiliúil amháin, nó ceist amháin nó imeacht amháin ó na 1960idí.

**(f)** An dtaispeánann an duine cáiliúil, an cheist nó an t-imeacht gur thréimhse a bhí sna 1960idí ina raibh athruithe ag tarlú? Cuir tic (√) i gceann **amháin** de na boscaí seo a leanas.

Taispeánann ☐

Ní thaispeánann ☐

Mínigh do fhreagra, agus úsáid á baint agat as eolas faoin duine cáiliúil, faoin gceist nó faoin imeacht a bhfuil staidéar déanta agat air.

| Spás roghnach scríbhneoireachta: |
| --- |
| Lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás roghnach scríbhneoireachta:

Lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

| Spás roghnach scríbhneoireachta: |
|---|
| Lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás roghnach scríbhneoireachta:

Lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

Obair phleanála nó obair gharbh roghnach:

**Admhálacha**

lch. 3 Íomhá curtha ar fáil ag CSS.
lch. 4 Íomhánna ó https://digitalcollections.tcd.ie/concern/works/wm117t53k?locale=en and
https://www.museum.ie/en-IE/Collections-Research/Collection/The-Treasury/Artefact/Derrynaflan-Chalice/a3e7607b-4582-4f95-a861-313d1c0b5f0e (Arna rochtain: 10/04/23) agus curtha ar fáil ag CSS.
lch. 6 Íomhánna ó https://pbs.twimg.com/media/EYCmXroWAAAdhbv?format=jpg&name=large agus
https://pbs.twimg.com/media/EYCmXrpX0AETca2?format=jpg&name=large (Arna rochtain: 15/04/23).
Points adapted from a virtual tour of UCD Centre for Experimental Archaeology & Material Culture, Aibreán 23 2020, ag https://twitter.com/EArchaeol/status/1253300957246640129 (Arna rochtain: 15/04/23).
lch. 9 Íomhá ó https://commons.wikimedia.org/w/index.php?curid=28565761 (Arna rochtain: 13/10/23).
lch. 10 Íomhá ó https://s.abcnews.com/images/US/columbus-statue-rhode-island-ap-jt-191014_hpMain_4x5_992.jpg (Arna rochtain: 21/02/2022).
lch. 14 Íomhánna ó https://en.wikipedia.org/wiki/H._H._Asquith#/media/File:Herbert_Henry_Asquith.jpg
https://www.creativecentenaries.org/assets/img/Edward-Henry-Carson-1st-Baron-Carson.jpg
https://en.wikipedia.org/wiki/John_Redmond#/media/File:John_Redmond,_circa_1909.jpg
(Arna rochtain: 02/04/23).
Sleachta óráidí curtha in oiriúint ó dhíospóireacht i dTeach na dTeachtaí, 11 Aibreán 1912, ag
https://api.parliament.uk/historic-hansard/commons/1912/apr/11/settlement-of-an-old-controversy
(Arna rochtain: 02/04/23).
lch. 17 Curtha in oiriúint ó https: https://www.gov.ie/en/press-release/678fc-digitisation-of-the-1926-census/
(Arna rochtain: 30/03/23).
lch. 18 Íomhá ó https://www.westclare.net/inis caithigh.htm (Arna rochtain: 23/11/20).
http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Clare/Kilrush_Rural/Scattery_Island/363774/
(Arna rochtain: 31/10/20).
lch. 20 Íomhá ó Leabharlann Dhigiteach Ollscoil California Theas, ag
https://calisphere.org/item/a86a144adb23badcc3b6ee4e1e529455/ (Arna rochtain: 22/12/22).
Cuntas curtha in oiriúint ó Applebaum, Anne, *Red Famine Stalin's War on Ukraine*, (Penguin UK, 2018).
lch. 23 Íomhá ó https://spindizzyrecords.com/products/bob-dylan-the-times-they-are-a-changin-lp-180g-vinyl
(Arna rochtain: 10/04/23).
Liricí ó *The Times They Are A-Changin'* ag https://www.bobdylan.com/songs/times-they-are-changin/
(Arna rochtain: 10/04/23).

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Stair

Dé hAoine 7 Meitheamh

Maidin 9:30 – 11:30